Coimisiún na Meán

# Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí

## De bhun Airteagal 55 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Réamhrá** | **3** |
| **Gearáin (Airteagal 53 de GSD)** | **4** |
| **Orduithe (Airteagail 9 agus 10 GSD)** | **5** |
| **Comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt (Airteagal 21 GSD)** | **5** |
| **Comharthóirí Iontaofa (Airteagal 22 GSD)** | **6** |
| **Taighdeoirí Grinnfhiosraithe (Airteagal 40 GSD)** | **6** |
| **Forfheidhmiú** | **7** |
| **Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta agus baile** | **8** |


Coimisiún na Meán

# Réamhrá

Tháinig an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) i bhfeidhm maidir le gach ardán i mí Feabhra 2024, cé is moite d'Ardáin an-Mhór ar Líne (VLOPS) agus Innill Chuardaigh an-Mhór ar Líne (VLOSES), a tháinig faoi réir GSD i mí Lúnasa 2023. Cuireann GSD rialacha comhchuibhithe ar fáil maidir le timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa ar líne agus idirghníomhú á dhéanamh le 'seirbhísí idirghabhálacha', mar a thugtar orthu, lena n-áirítear ardáin ar líne, seirbhísí óstála nó innill chuardaigh. Samplaí de rialacha comhchuibhithe den sórt sin is ea (1) ceanglais bhreise trédhearcachta maidir leis an gcaoi a ndéanann ardáin ar líne ábhar a mhodhnú, (2) rochtain na saoránach ar shocruithe lasmuigh den chúirt agus (3) rialacha maidir le stádas comharthóirí iontaofa agus oibleagáidí trédhearcachta le haghaidh comharthóirí iontaofa. Tá sé d'aidhm ag GSD freisin ábhar mídhleathach ar líne a chosc, príobháideachas, sábháilteacht agus slándáil leanaí a chosaint, chomh maith le scaipeadh na bréagaisnéise a chosc. Tá grinnscrúdú breise le déanamh ar VLOPS agus VLOSES, amhail an oibleagáid trédhearcacht a sholáthar maidir le fógraí nó foilsiú a measúnaithe ar rioscaí sistéamacha.

Is iad na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha (DSCanna) náisiúnta, rialálaithe náisiúnta eile atá ainmnithe mar údaráis inniúla ina mBallstáit, agus an Coimisiún Eorpach a dhéanann GSD a fhorfheidhmiú le haghaidh VLOPS agus VLOSES. Ainmníodh Coimisiún na Meán (An Coimisiún) mar an DSC in Éirinn i mí Feabhra 2024. Ainmníodh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), de bhun Airteagal 49, mar an t-údarás inniúil chun críoch Airteagail 30, 31 agus 32 de GSD, a bhaineann le margaí ar líne.

Tá an tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí á foilsiú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 55 de GSD, lena gceanglaítear ar gach DSC tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a fhoilsiú ina sonraítear a ghníomhaíochtaí le linn na bliana roimhe sin. Áirítear sa tuarascáil eolas maidir le gearáin a fuarthas faoi Airteagal 53, chomh maith le heolas níos sonraí amhail líon agus cineálacha na n-orduithe chun gníomhú in aghaidh ábhar mídhleathach nó orduithe chun eolas a sholáthar a d'eisigh údaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó riaracháin sa Bhallstát ábhartha, de réir Airteagail 9 agus 10 de GSD. Áirítear sa tuarascáil freisin eolas faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar na horduithe sin, mar a cuireadh in iúl do na DSCanna.

I gcás na mBallstát a d'ainmnigh roinnt údarás inniúil le bheith freagrach as maoirseacht agus forfheidhmiú GSD, ceanglaítear ar an DSC gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil uile a chomhdhlúthú in aon tuarascáil bhliantúil chuimsitheach ar ghníomhaíochtaí amháin. Ionchorpraítear sa tuarascáil seo an t-eolas agus na sonraí ábhartha uile arna soláthar ag an CCPC, arb é an t-údarás inniúil é i ndáil le hAirteagail 30, 31 agus 32.

Roinnfidh an Coimisiún an tuarascáil seo leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha.

# Gearáin (Airteagal 53 de GSD)

## Réamhrá

Leagtar síos le hAirteagal 53 de GSD an ceart atá ag faighteoirí seirbhísí idirghabhálacha, nó ag aon eagraíocht nó comhlachas sainordaithe atá ag gníomhú thar a gceann, gearán a thaisceadh in aghaidh soláthraithe na seirbhísí idirghabhálacha sin agus sárú ar GSD á líomhain. Ba cheart gearáin a dhíriú chuig an DSC sa Bhallstát ina bhfuil faighteoir na seirbhíse lonnaithe nó bunaithe.

Déanfaidh DSC measúnú ar an ngearán agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé ar aghaidh é chuig DSC sa Bhallstát ina bhfuil soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha bunaithe, agus d'fhéadfadh tuairim a bheith ag gabháil leis. Má thagann an gearán faoi fhreagracht údaráis eile laistigh den Bhallstát céanna, aistreoidh DSC an gearán chuig an údarás ábhartha iomchuí.

Ó cuireadh GSD chun feidhme ina iomláine, tá foireann gearán GSD á tógáil ag an gCoimisiún mar aon le próisis agus nósanna imeachta chun gearáin a láimhseáil. I mí Feabhra 2024, thosaigh an Coimisiún ag glacadh gearán ar an leibhéal náisiúnta, agus trí chóras comhroinnte eolais an Aontais, AGORA. Próiseálann an Coimisiún gach gearán de réir a reachtaíochta náisiúnta, an tAcht Craolacháin 2009, arna leasú ("An tAcht 2009"). Faoin Acht 2009, ní mór don Choimisiún roinnt céimeanna a chur i gcrích maidir le gearán. Áirítear leis sin measúnú tosaigh ar an ngearán, measúnú breise ar an ngearán, agus fógra a thabhairt don ghearánach agus don soláthraí seirbhíse idirghabhálach araon faoin ngníomhaíocht atá beartaithe aige agus faoin gcinneadh críochnaitheach ar an ngearán. Lorgaíonn an Coimisiún uiríll freisin ón soláthraí seirbhíse idirghabhála maidir leis an ngníomhaíocht atá beartaithe aige agus déanann sé breithniú ar na huiríll sin sula ndéanann sé cinneadh críochnaitheach. Mar gheall ar an líon soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha atá bunaithe in Éirinn, is suntasach líon na ngearán inár ndlínse.

Bhí go leor cruinnithe ag an gCoimisiún le DSCanna maidir le láimhseáil gearán agus tá sé ag obair go gníomhach freisin sa Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha chun nósanna imeachta comhaontaithe maidir le láimhseáil gearán a fhorbairt idir DSCanna.

## Gearáin in 2024

In 2024, fuair an Coimisiún 322 gearán. Tharchuir Coimisiún gearán amháin chuig DSC na Gearmáine (Bundesnetzagentur für Elektrizität, Gas, Telekommunikation, Post und Eisenbahnen) agus 12 ghearán a bhain le hAirteagail 30 agus 31 de GSD chuig CCPC. Ní bhfuair an Coimisiún aon ghearán maidir le hAirteagal 32 lenar ghá iad a tharchur chuig an CCPC.

I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, rinne CCPC measúnú ar an 12 ghearán. I gcás gach gearáin, d'eisigh an CCPC fógra do na margaí ar líne is ábhar don ghearán inar iarradh air uiríll a dhéanamh chuig an CCPC maidir leis an ngearán. Agus cinneadh á dhéanamh ar an ngníomhaíocht atá le déanamh, ní mór don CCPC breithniú a dhéanamh ar na huiríll a fuarthas.

## Gearáin as ar eascair imscrúduithe foirmiúla in 2024

In 2024, níor sheol an Coimisiún ná CCPC imscrúdú foirmiúil a d'eascair as gearán a fuarthas faoi Airteagal 53.

# Orduithe (Airteagail 9 agus 10 GSD)

### Réamhrá

Leagtar amach in Airteagal 9 GSD na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha nuair a fhaigheann siad ordú ó údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin náisiúnta gníomhú in aghaidh ábhar mídhleathach. Ar an gcéad dul síos, nuair a fhaigheann soláthraí ordú den sórt sin, ní mór dó an t-údarás eisiúna (nó údarás sonraithe eile) a chur ar an eolas faoi aon éifeacht a tugadh don ordú, ina sonraítear ar tugadh éifeacht don ordú agus cathain a tugadh éifeacht dó. Leagtar síos san airteagal freisin coinníollacha maidir leis na horduithe arna n-eisiúint ag na húdaráis náisiúnta.

Ní mór don údarás eisiúna, nó d'údarás sonraithe eile má luaitear sin san ordú, an t-ordú agus aon eolas maidir lena chur chun feidhme a roinnt leis an DSC i mBallstát an údaráis eisiúna. Ansin roinnfidh an DSC an t-eolas sin leis na DSCanna eile go léir.

Le hAirteagal 10 GSD, cuirtear d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha an t-údarás breithiúnach nó riaracháin náisiúnta ábhartha, nó aon údarás eile a shonraítear san ordú, a chur ar an eolas go pras, ar ordú a fháil chun eolas sonrach a sholáthar maidir le faighteoirí aonair a seirbhísí, maidir lena fháil agus maidir le héifeacht an ordaithe. Leagtar síos san airteagal freisin coinníollacha maidir leis na horduithe arna n-eisiúint ag na húdaráis náisiúnta. Ar an gcaoi chéanna le hAirteagal 9 agus Airteagal 10 de GSD, leagtar síos coinníollacha maidir leis na horduithe arna n-eisiúint ag na húdaráis náisiúnta. Ní mór don údarás eisiúna, nó d'údarás sonraithe eile má luaitear sin san ordú, an t-ordú agus aon eolas maidir lena chur chun feidhme a roinnt freisin leis an DSC i mBallstát an údaráis eisiúna. Ansin roinnfidh an DSC an t-eolas sin leis na DSCanna eile go léir.

In 2024, ní bhfuair an Coimisiún aon orduithe de bhun Airteagail 9 agus 10 de GSD. Bhí baill foirne ón gCoimisiún ina rannpháirtithe gníomhacha de Mheitheal 7 a chuir le cur chun feidhme Airteagal 9 agus Airteagal 10.

### Éifeachtaí a tugadh do na horduithe

In 2024, ní bhfuair an Coimisiún eolas i ndáil le horduithe arna n-eisiúint faoi Airteagail 9 agus 10.

# Comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt (Airteagal 21 GSD)

### Réamhrá

Tugann comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt (ODS) deis d'úsáideoirí díospóidí modhnóireachta ábhair a réiteach le hardáin ar líne. Ní mór d'ardáin ar líne úsáideoirí a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht sásamh a fháil trí ODS nuair a eisíonn siad a gcinneadh modhnóireachta ábhair don úsáideoir. Faoi Airteagal 21 de GSD, ar athbhreithniú a dhéanamh ar iarratas ó chomhlacht, féadfaidh DSC na bunaíochta é a dheimhniú má chomhlíonann an comhlacht na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 21.

### Deimhniú comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt in 2024

In 2024, dheimhnigh an Coimisiún comhlacht ODS amháin — Ionad Achomhairc na hEorpa (ACE). Is eintiteas é ACE atá lonnaithe in Éirinn. Ceadaíonn an deimhniú do ACE díospóidí a bhaineann le cinntí modhnóireachta ábhair na n-ardán ar líne a réiteach. Tá deimhniú ACE bailí ar feadh cúig bliana. Is iad Béarla,

Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis agus Ollainnis teangacha oifigiúla institiúidí an Aontais Eorpaigh inar féidir le ACE díospóidí a réiteach. Is féidir le ACE athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar atá ina ábhar díospóide in aon teanga laistigh den AE.  Thosaigh ACE ag obair i mí na Samhna 2024, trí dhíospóidí a ghlacadh maidir le TikTok, Facebook agus YouTube.

Is féidir teacht ar shonraí maidir le cinneadh an Choimisiúin ACE a dheimhniú anseo. In 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún treoir agus doiciméad Ceisteanna Coitianta maidir le comhlachtaí ODS a dheimhniú de bhun Airteagal 21 de GSD. Is féidir teacht ar an treoir agus ar an doiciméad Ceisteanna Coitianta anseo.

In 2024, níor dhiúltaigh an Coimisiún d'aon iarratas ó chomhlacht ODS agus níor chúlghair sé aon deimhniú de bhun Airteagal 21 de GSD.

# Comharthóirí Iontaofa (Airteagal 22 GSD)

## Réamhrá

Faoi GSD, tá sé de chumhacht ag Comharthóirí Iontaofa ábhar a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach a bhrath agus ardáin ar líne a chur ar an airdeall. Is saineolaithe iad maidir le cineálacha áirithe ábhair mhídhleathaigh ar líne a bhrath, amhail fuathchaint nó ábhar sceimhlitheoireachta, agus iad a chur in iúl do na hardáin ar líne. Ní mór d'ardáin ar líne tús áite a thabhairt do na fógraí a chuireann siad isteach toisc go meastar go mbeidh siad níos cruinne ná fógraí a chuireann gnáthúsáideoir isteach. Bronnann DSC Ballstát bunaíochta an eintitis is iarratasóir an stádas mar chomharthóir iontaofa. Déanann DSCanna maoirseacht ar an bpróiseas iarratais, ag áirithiú go gcomhlíonann eintitis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 22 de GSD.

## Stádas arna dheonú do Comharthóirí Iontaofa in 2024

In 2024, níor bhronn An Coimisiún stádas Comharthóra Iontaofa ar aon eintiteas, agus níor dhiúltaigh sé d'aon iarratas ó Chomharthóir Iontaofa.  Ní dhearnadh aon chúlghairm ar stádas Comharthóra Iontaofa in 2024.
In 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún treoir agus doiciméad Ceisteanna Coitianta maidir le Comharthóirí Iontaofa. Is féidir teacht ar an treoir anseo agus is féidir teacht ar an doiciméad Ceisteanna Coitianta anseo. Le linn 2024, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go dian le páirtithe a bhfuil suim acu i stádas Comharthóra Iontaofa, trí chruinnithe duine le duine agus trí imeacht eolais oscailte a tionóladh i mí Mheán Fómhair. Forbraíodh an doiciméad Ceisteanna Coitianta bunaithe ar an aiseolas a fuarthas le linn an rannpháirteachais sin.

# Taighdeoirí Grinnfhiosraithe (Airteagal 40 GSD)

## Réamhrá

Is taighdeoirí iad Taighdeoirí Grinnfhiosraithe a bhfuil sé de cheart acu rochtain a fháil ar shonraí neamhphoiblí le haghaidh a gcuid taighde ar VLOPS agus VLOSES a rannchuidíonn le rioscaí sistéamacha a bhrath, a shainaithint agus a thuiscint nó le bearta chun iad a mhaolú. Samplaí de rioscaí sistéamacha is ea scaipeadh ábhair mhídhleathaigh, éifeachtaí diúltacha ar fheidhmiú ceart bunúsach, dioscúrsa sibhialta, dioscúrsa toghcháin, foréigean inscnebhunaithe, cosaint sláinte agus mionaoiseach nó folláine. Chun rochtain a fháil ar shonraí ábhartha, is féidir le DSC Ballstát bunaíochta VLOP nó VLOSE sonrach stádas taighdeora grinnfhiosraithe a dheonú i gcás inar léirigh an taighdeoir na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 40(8) GSD.

## Stádas a deonaíodh do thaighdeoirí grinnfhiosraithe in 2024

Tá DSCanna ag fanacht faoi láthair ar fhoilsiú Gnímh Tarmligthe ón gCoimisiún Eorpach, a bhfuil coinne leis in 2025. Dá bhrí sin, níor deonaíodh stádas d'aon taighdeoir grinnfhiosraithe in 2024. Le linn 2024, d'ullmhaigh an Coimisiún go gníomhach do chur chun feidhme phróiseas na dtaighdeoirí grinnfhiosraithe. Rinne an Coimisiún aighneacht phoiblí maidir leis an nglao ar fhianaise le haghaidh aiseolais a bhaineann leis an dréacht-Ghníomh Tarmligthe. Ghlac Coimisiún páirt freisin i gcruinniú comhchéime taighdeora/ardáin arna óstáil ag an gCoimisiún Eorpach. Tá ról glactha ag an gCoimisiún sa Mheabhrán Tuisceana (MT) maidir le foghrúpa dréachtaithe faoi Mheitheal 3 den Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha. Tá sé d'aidhm ag an meitheal seo Meabhrán Tuisceana a chur ar fáil idir DSCanna chun comhchuibhiú a bhaint amach i nósanna imeachta agus i gcuir chuige maidir le hathbhreithniú ar chur i bhfeidhm ar fud DSCanna.

# Forfheidhmiú

## Réamhrá

In 2024, bhí DSCanna agus údaráis inniúla eile i mbun raon gníomhaíochtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, arna gcomhlánú le tionscnaimh éagsúla idirnáisiúnta agus náisiúnta, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, atá dírithe ar chomhlíonadh a chothú, comhar a fheabhsú, agus cur chun feidhme éifeachtach GSD a áirithiú.

Is é an tAonad um Maoirseacht agus Imscrúduithe Ardán (PS&I) laistigh den Choimisiún a dhéanann maoirseacht agus forfheidhmiú ar GSD. Is dhá fheidhm ar leith iad Maoirseacht agus Imscrúduithe.

## Gníomhaíochtaí maoirseachta in 2024

Ó ainmníodh é, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach le heintitis rialáilte laistigh dá shainchúram rialála chun comhlíonadh GSD a áirithiú. Tá cur chuige rioscabhunaithe glactha ag an gCoimisiún maidir le maoirseacht, trína ndíríonn sé a acmhainní maoirseachta ar eintitis a bhfuil na rioscaí is mó ag baint leo d'úsáideoirí ar líne, agus láithreacht mhaoirseachta á coinneáil aige ar fud na soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha uile ag an am céanna.

Le linn 2024, rinne an Coimisiún raon leathan gníomhaíochtaí maoirseachta lena gcumhdaítear VLOPS/VLOSES, agus ISPanna eile atá bunaithe in Éirinn. Áirítear an méid seo a leanas ar na gníomhaíochtaí maoirseachta is suntasaí:

- 18 n-iarraidh oifigiúla ar eolas (RFInna) a sheoladh chuig ardáin atá bunaithe in Éirinn, lena n-áirítear VLOPS agus VLOSES, chomh maith le heolas a iarraidh le linn ár rannpháirtíochtaí maoirseachta rialta, chun scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagail 12 agus 16 de GSD. Tá céim an bhailithe eolais á cur i gcrích ag an gCoimisiún anois agus rachaidh sé i dteagmháil leis na hardáin chun a chinntiú go gcomhlíonann a sásraí tuairiscithe agus a bpointí teagmhála ceanglais GSD.

- Maoirseacht a dhéanamh ar ullmhúcháin VLOPS agus VLOSES do na toghcháin áitiúla, Eorpacha agus ghinearálta, i ndáil leis an oibleagáid atá orthu rioscaí sistéamacha a bhaineann le sláine toghcháin a mheasúnú agus a mhaolú. Bhí an tsláine eolais ina tosaíocht le haghaidh 2024 agus cuireadh san áireamh í san obair sin. Bhí dhá chruinniú comhchéime toghcháin i gceist leis sin le hionadaithe ó na heintitis rialáilte, ó rialálaithe eile, agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Thacaigh an Coimisiún freisin le cruinnithe comhchéime toghcháin i mBallstáit eile.

- Athbhreithniú á dhéanamh ar na Measúnuithe Riosca agus Iniúchtaí arna gcur isteach ag VLOPS agus VLOSES ina leagtar amach conas a shainaithníonn siad rioscaí agus conas a thugann siad aghaidh orthu chomh maith lena gcomhlíontacht leis na hoibleagáidí caighdeánacha agus le cur chun feidhme ginearálta GSD. Bhailíomar eolas freisin ó DSCanna agus ó údaráis eile, ón tsochaí shibhialta agus ó úsáideoirí chun tuiscint a fháil ar na háiteanna a bhféadfadh sé go bhfuil ag teip ar na hardáin.

- Tús a chur le clár leanúnach de shainaithint agus catagóiriú soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha le haghaidh eintitis neamh-VLOP/VLOSE. Bhaineamar úsáid as an eolas seo chun dul i dteagmháil le thart ar 400 seirbhís chun comhlíonadh oibleagáidí bunúsacha a lorg, lena n-áirítear pointí teagmhála d’úsáideoirí, rialálaithe, agus ceanglais trédhearcachta.

- Ceistneoir measúnaithe inmheánaigh a fhorbairt, a bheidh infheidhme maidir le gach soláthraí seirbhíse idirghabhála, d’fhonn measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí sonracha. Tugadh an uirlis atriallach sin cothrom le dáta agus leanfar de bheith á tabhairt cothrom le dáta chun an tuiscint ar GSD agus ar aon treoraíocht nuashonraithe a léiriú ar an mbealach is fearr. Go dtí seo, tá rannpháirteachas agus feabhas comhlíonta le cúig ISP mar thoradh air seo, lena n-áirítear seirbhísí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá an obair seo fós ar siúl agus cuirtear tús le measúnuithe nua gach ráithe.

- Rannpháirteachas rialta a bhunú le comhlachtaí náisiúnta eile, de réir mar is ábhartha d’fheidhmiú dhualgais an Choimisiúin i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhálacha faoi GSD. Áirítear leis sin an CCPC, an Coimisiún um Chosaint Sonraí, an Garda Síochána go háirithe maidir le hAirteagal 18 GSD, an Coimisiún Toghcháin, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Dlí agus Cirt agus Banc Ceannais na hÉireann.

Lean an Coimisiún de bheith ag comhoibriú go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus le DSCanna eile, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Digiteacha, chun eolas a chomhroinnt go neamhfhoirmiúil a théann chun tairbhe don dá thaobh maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn, cleachtas maoirseachta agus saincheisteanna sonracha amhail toghcháin, cosaint leanaí agus deacrachtaí d’úsáideoirí a bhaineann le hábhar mídhleathach a thuairisciú.

### Gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus cumhachtaí imscrúdúcháin a úsáideadh in 2024

Tá dhá iarraidh ar chúnamh faoi Airteagal 66.3 de GSD faighte agus glactha ag an gCoimisiún chun cabhrú leis an gCoimisiún Eorpach ina chuid imscrúduithe.

## Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta agus baile

### An Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha

Is é is aidhm don Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha (an ‘Bord’) rannchuidiú le timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa ar líne a chuireann an nuálaíocht chun cinn agus cosaint na gceart bunúsach á cosaint ag an am céanna. Tríd an mBord, oibríonn an Coimisiún Eorpach agus DSCanna le chéile mar fhoireann chomhtháite, ag glacadh cur chuige Eorpach maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú GSD. Dá bhrí sin, tá ról ríthábhachtach ag an mBord maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach GSD a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh, rud a théann chun tairbhe do shaoránaigh uile na hEorpa, don tsochaí agus don gheilleagar.

Is é an Bord an t-ardán chun na saincheisteanna agus na tosaíochtaí ábhartha uile a phlé maidir le cur i bhfeidhm GSD. Tá dlúthchomhar agus comhordú iontaofa, agus tionchar sonrach na seirbhísí idirghabhálacha i mBallstáit aonair á chur san áireamh, fíor-riachtanach chun GSD a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go comhleanúnach ar fud an Aontais Eorpaigh.

I gcás DSCanna atá rannpháirteach sa Bhord, tá sé tábhachtach rannchuidiú go gníomhach leis an bpróiseas sin. Tugann comhaltaí an bhoird tacaíocht, comhairle agus cúnamh don Choimisiún Eorpach agus do na DSCanna eile agus iad i mbun a gcúraimí maoirseachta. Tugann siad léargais agus saineolas dá chéile, téann siad i gcomhairle le saineolaithe seachtracha nuair is gá, agus cuireann siad leis an anailís ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn a bhaineann le seirbhísí digiteacha laistigh den mhargadh inmheánach. Dá bhrí sin, éilíonn rannpháirtíocht sa Bhord ról gníomhach i gcomhar agus obair le chéile chun comhlíonadh GSD a áirithiú, agus aird á tabhairt ar chomhthéacs sonrach gach Ballstáit.

In 2024, bhí 12 chruinniú ar an iomlán ag an mBord.[1] Bhí na cruinnithe sin ina n-ardán ríthábhachtach chun plé a dhéanamh ar chur chun feidhme, maoirseacht agus forfheidhmiú leanúnach GSD ar fud an Aontais Eorpaigh. Thug na cruinnithe deis do chomhaltaí an Bhoird plé domhain a dhéanamh ar shaincheisteanna agus tosaíochtaí éagsúla a bhaineann le tírdhreach na seirbhísí digiteacha. Bhí ról suntasach ag gach cruinniú maidir leis na spriocanna comhchoiteanna a chur chun cinn chun timpeallacht dhigiteach atá sábháilte, trédhearcach agus nuálach a chinntiú ar fud an Aontais.

D'fhreastail an Coimisiún ar chruinnithe uile an Bhoird. Ina theannta sin, ghlac saineolaithe de chuid an Choimisiúin páirt sna Meithleacha uile a bunaíodh faoin mBord[2]. go háirithe:

- Tá an Coimisiún ina Leas-Chathaoirleach ar Mheitheal 6 an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Digiteacha a bhaineann le Mionaoisigh a Chosaint, áit ar chuidigh muid le hionchur DSC a chomhordú i dTreoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh atá le teacht maidir le hAirteagal 28 GSD. Bhíomar inár gcomhalta de ghrúpa eagarthóireachta Fhoireann Uirlisí na dToghchán faoi Mheitheal 4 agus is ball muid de ghrúpa dréachtóirí an Mheabhráin Tuisceana maidir le Rochtain Sonraí faoi Mheitheal 3. Ghlac Coimisiún páirt freisin i roinnt ceardlann agus cruinnithe comhchéime a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach, lena n-áirítear roinnt cruinnithe comhchéime toghchán agus tástálacha struis a d'eagraigh an Coimisiún agus DSCanna roimh na toghcháin Eorpacha agus náisiúnta.
- Ghlac Coimisiún páirt san oiliúint maidir leis an GSD do thíortha aontachais a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach, inar roinneamar ár dtaithí maidir le gearáin a bhainistiú faoi GSD agus maidir lenár gcur chuige a fhorbairt i leith Comharthóirí Iontaofa a dheimhniú.
- Reáchtáil Coimisiún cruinnithe déthaobhacha rialta le DSCanna maidir le gearáin agus malartuithe ad hoc le DSCanna maidir le saincheisteanna lena n-áirítear rochtain ar shonraí, ullmhacht toghcháin, deimhniú ODS, agus teicnící faireacháin.

## Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta agus baile

Chomh maith lenár rannpháirtíocht ghníomhach sa Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, in 2024, rinne an Coimisiún infheistíocht shuntasach i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta san Aontas agus níos faide i gcéin chun feasacht a chur chun cinn ar ról GSD agus an Choimisiúin maidir lena fhorfheidhmiú, foghlaim agus dea-chleachtas a mhalartú le DSCanna agus rialálaithe eile, naisc a thógáil leis an tsochaí shibhialta ábhartha, leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara taighde, agus comhleanúnachas rialála le rialálaithe sábháilteachta eile ar líne a spreagadh. Ba iad seo a leanas na gníomhaíochtaí ba shuntasaí:

[1] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/dsa-board
[2] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/dsa-board-working-groups

Ghlac Coimisiún páirt i roinnt imeachtaí a bhain le GSD a d'eagraigh an tsochaí shibhialta agus páirtithe leasmhara taighde. Bhíodar seo a leanas ina measc:

- Cruinniú comhchéime GSD an Lárionaid um Dhaonlathas agus um Theicneolaíocht, maidir le cineálacha cur chuige i leith forfheidhmithe agus rochtain ar shonraí maidir le Taighdeoirí Grinnfhiosraithe.
- Comhdháil bhliantúil na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha, maidir le litearthacht sna meáin agus rochtain ar shonraí taighdeoirí grinnfhiosraithe
- Ceardlann faoi stiúir Sciences Po le hacadóirí ceannródaíocha SAM/AE maidir le cuir chuige i leith fhorfheidhmiú GSD
- An Fóram um Idirlíon Níos Sábháilte, maidir le mionaoisigh a chosaint ar líne
- Tascfhórsa GSD seolta ag an Institiúid Ollscoile Eorpach, maidir le cur chuige atá ag teacht chun cinn i leith fhorfheidhmiú GSD

Bhí an Coimisiún ina phríomhchainteoir ar shaincheisteanna a bhaineann le GSD ag fóraim shuntasacha tionscail, rialála agus na sochaí sibhialta, lena n-áirítear:

- Ríomhairí, Príobháideachas, Comhdháil Bhliantúil um Chosaint Sonraí, an Bhruiséil
- Cruinniú Mullaigh Domhanda an Lárionaid um Chur i gCoinne an Fhuatha Dhigitigh, Washington DC
- Fóram Deloitte maidir le Comhlíonadh sna hArdáin Dhigiteacha, Londain
- Institiúid Idirnáisiúnta na Cumarsáide, Washington DC
- Cruinniú Mullaigh Bheartas Digiteach ISD maidir le rochtain ar shonraí taighdeoirí grinnfhiosraithe agus cleachtas rialála atá ag teacht chun cinn
- Cumann Idirnáisiúnta na nGairmithe Príobháideachais An Chomhdháil Eorpach um Chosaint Sonraí, an Bhruiséil
- Cruinniú Mullaigh Bliantúil na Comhghuaillíochta Eorpaí Idirghníomhaí um Fhógraíocht Dhigiteach, Londain

Chuireamar dhá fheachtas feasachta poiblí i bhfeidhm maidir le cearta úsáideoirí i ndáil le GSD, ceann amháin ag díriú ar shásraí tuairiscithe agus bratach a chur isteach, agus an dara ceann ar chearta leanaí.

I mí na Bealtaine 2024, shíníomar Comhaontú Comhair le CCPC. Leagtar síos leis an gcomhaontú seo creat comhair, comhroinnte eolais agus cumarsáide cuidithí idir an dá pháirtí chun cabhrú leo a bhfeidhmeanna faoi seach a bhaineann leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a chomhlíonadh. Is féidir rochtain a fháil ar an gcomhaontú anseo.

D'fhoilsigh an CCPC ar a shuíomh gréasáin, treoir a thugann breac-chuntas ar fhorálacha Airteagail 30, 31 agus 32. D'fhreastail CCPC ar dhá chruinniú de Mheitheal 5 an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí Digiteacha — Tomhaltóirí agus margaí ar líne. Déileálann Meitheal 5 leis an idirghníomhú idir an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an reachtaíocht maidir le Cosaint Tomhaltóirí, go háirithe maidir le hAirteagail 30-32 de GSD. Áirítear leis sin an comhar le húdaráis cosanta tomhaltóirí, custaim, faireachais margaidh agus údaráis ábhartha eile.

Chuaigh CCPC i dteagmháil leis an gCoimisiún maidir le rochtain ar AGORA ar leibhéal an údaráis inniúil agus chuir sé ionchur ar fáil i suirbhé an Choimisiúin dar teideal "Agora Update for Competent Authorities Requirements" [Uasdátú Agora ar Cheanglais na nÚdarás Inniúil] maidir le tosaíochtaí.